

CUACHÓG.

I nÁrainn dom an dara lá de mhí Lughnasa in aice le Eochaill, chonnaic mé péire riabhóg mhóna agus cuachóg ghá bheathú aca. Bhí an cuachóg suidhte i lár páirce bige agus í ag géarchasaid agus an péire éan bheag go cruadhógach ag cuardach bidh dí. Tá an pháirc bheag sínte faoi bhun na haille, an aill atá ar an taobh o thuaidh den bhóthar ag dul go hEochaill duit as Cill Rónáin. Chuadhas isteach sa bpáirc go dtí go ndeachas i bhfoisgeacht dhá shlat déag de'n chuachóig. D'fhanas tamall i mo shuidhe á faire agus bhí na riabhóga móna go cruadhógach ghá beathú feadh an ama. Bhí an chuachóg ina suidhe ar an bhféar nó ar an bhfód lom agus shílfeá go raibh sí ag iarraidh fanacht i bhfolach bhí sí chó dlúth leis an talamh. D'árduigheadh sí a ceann an t-am a gcluineadh sí guth na riabhóige bhí sí cho mór faoi shé leis an riabhóig. D'itheadh sí go sanntach agus ní bheadh an riabhóg mhóra imthighe leathnóiméad uaithe nó go mbeadh sí ag casaoid arís.

Shíleas dul níos goire dhí ná mar bhíos. Nuair chonnaic na riabhóga ag gluaiseacht mé thosuigheadar ag eiteall os cionn na cuachóige, ag teacht agus ag imtheacht ag iarraidh í a mhealladh chun siubhail. D'imthigh sí achar beag arís, í indon gluaiseacht ar sgiathán chó maith le sean-éan.

2.8.27.